

Bileog Oibre 5A: Mo Chlub Áitiúil


Ar thuras timpeall na tíre seo, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil club CLG i mórán gach paróiste. Tá breis agus 3000 club i 32 contae na hÉireann. Tá fóirbhacht leis an gclub CLG sa pharóiste. Is áit í chun spraoi a bheith agat le do chuid cairde. Tá mórtas ag baint le bheith ag imirt le do chlub agus a bheith ag taisteal chuig clubanna eile. Is mór an onóir d'imreoir ar bith imirt d'fhoireann an chontae.

Tabhair an t-eolas seo a leanas faoi do chlub áitiúil

Ainm an Chlub: _____

Paróiste: _____

Bainisteoir: _____



Dathanna an Club

Déan liosta de na daoine a eagraíonn na cluichí do d'fhoireann féin:

Cathaoirleach an Chlub: _____

Ainm na páirce: _____

Clubanna a raibh cluichí agaibh ina n-aghaidh: _____

Cén fáth a dtaitníonn do chlub leat? _____

Imreoirí cáiliúla ó do chlub: _____

Cathain a bunaíodh do chlub? _____

Déan cur síos ar uair amháin ina raibh áthas ort agus tú ag imirt le do chlub:

Le déanamh: Bailigh eolas faoi stair do chlub.



Bileog Oibre 5B: Próifíl an Chontae


Ainm an Chontae: _____

Príomhbhailte: _____

Aibhneacha: _____

Sléibhte: _____

Lochanna: _____

**Dathanna an Chontae**

Dathanna an Chontae: _____

Cinn tíre agus cuanta: _____

Páirc an Chontae: _____

Iar-imreoirí cáiliúla: _____

An uair dheiridh a bhuaigh an contae Craobh na hÉireann: _____

Imreoirí cáiliúla: _____


Captaen faoi láthair: _____

Bainisteoir: _____

Foirne a mbíonn sibh ina n-aghaidh go minic: _____

Saoráidí turasóireachta: _____

Amhrán cáiliúil: _____

Tá neart eolais faoi chontaetha le fáil ar <http://www.cul4kidz.com>**Círín an Chontae**

Bileog Oibre 5C: DVD-SESE Tall, Dark and Ó hAilpín

Féach ar an gclár faoi Sheán Óg agus freagair na ceistanna thíos:

1. Cén contae a n-imríonn Seán Óg dó? _____
2. Cén corn a bhuaigh an contae ag tús an chláir? _____
3. Críochnaigh an abairt seo ó óráid Sheáin Óig. “Is fada an turas é ó _____”
go _____ agus ó _____ go dtí _____
4. Cén tír ar thug Seán Óg cuairt uirthi sa chlár? _____
5. Cén t-oileán ar thug Seán Óg cuairt air? _____
6. Cá fhad ó bhí Seán Óg sa tír cheana? _____
7. Cé a chas le Seán Óg nuair a shroich sé an áit? _____
8. Cén fáth nár aithin sé na daoine seo? _____
9. Liostaigh roinnt de na nósanna cultúrtha a chonaic tú sa chlár.

10. Cén fháilte a chuir na daoine áitiúla roimh Sheán Óg chuig an oileán?

11. Cén spórt a léirigh Seán Óg ar an gclár? _____
12. Dúirt Seán Óg gur chuidigh an turas leis a chultúr féin a thuiscint chomh maith le cultúir eile. An gceapann tú gur cheart meas a bheith againn ar chultúir eile? Cén fáth?

I do chóipleabhar, tarraing pictiúr de Sheán Óg agus é ar cuairt in Rotuma.



Bileog Oibre 5D: Scéal faoin CLG thar sáile

Is mise Kennedy John Patrick McGuigan. Táim 11 bhliain d'aois. Tá cónaí orm in Milwaukee, Wisconsin i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá Milwaukee ó thuaidh de Chicago, i lár na tíre. Is as Éirinn, an Pholainn, Lucsamburg agus an Ghearmáin mo mhuintir. (Tháinig sin-seanathair m'athair ó Bhéal Feirste).

Is i Meiriceá Thuaidh atá Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is iad na cineálacha spóirt is cáiliúla i Meiriceá ná daorchluiche, cispheil agus peil Mheiriceánach. Táim ag imirt peil Mheiriceánach le bliain anuas. Táim ag imirt iománaíochta le Club Iománaíochta Milwaukee le trí bliana anuas.

Táim sa chúigiú grád ar scoil anseo, sin an cúigiú bliain scoile i Meiriceá. Táim sa scoil mheánach. Is í sin an scoil idir an bhunscoil agus an ardscoil. (Bíonn naíonáin go dtí an ceathrú grád sa bhunscoil, téann an scoil mheánach ón cúigiú grád go dtí an t-ochtú grád, agus bíonn páistí ón naoú grád go dtí an dara grád déag san ardscoil). Tosaíonn an scoil ag a 8:00am agus críochnaíonn sí ag a 3:04pm. Téim chuig scoil phoiblí agus ní chaithimid aon éide scoile. Bíonn cead agam mo rogha éadaí a chaitheamh ach iad a bheith oiriúnach. Siúlaim ag an scoil go hiondúil (tá sé gar do mo theach) nó tugann mo mháthair síos mé sa charr nuair a bhíonn an aimsir fuar.

Tá éagsúlacht mhór san aeráid in Wisconsin. Bíonn sé fuar agus bíonn sneachta ann sa gheimhreadh (titeann sneachta idir an Nollaig agus Aibreán). Bíonn sé an-te sa samhradh (ó Mheitheamh go Meán Fómhair). Bíonn an t-earrach agus an fómhar an-ghearr againn.

Chuaigh mé féin, mo mháthair agus m'athair go hÉirinn i mí na Samhna agus mí na Nollag 2005. Bhíomar ag taisteal thart i ndeisceart na tíre, go háirithe timpeall ar an gcósta thiar. Chuamar go Baile Átha Cliath chun Músaem an CLG agus Páirc an Chrócaigh a fheiceáil – is álainn an pháirc í. Chuaigh mé go hÉirinn arís in Aibreán 2007 le m'fhoireann óg iománaíochta.

Chonaiceamar Páirc an Chrócaigh arís, agus bhí cleachtadh iománaíochta againn in Eanách Dhúin (taobh amuigh de Ghaillimh) agus Droichead an Chláir (taobh amuigh d'Inis).



Cheap mé go raibh Éire iontach. Tá go leor rudaí ársa ansin; níl aon rud ársa, meánaoiseach mar sin sna Stáit Aontaithe.

Thosaigh mé ag iomáint nuair a bhí mé trí bliana d'aois. Ní raibh aon chamán sách beag le fáil domsa, agus ní raibh aon chomórtas do dhuine chomh hóg liom. Is ag cleachtadh liom féin a bhí mé le camán a rinne m'athair dom. Bhí iontas ar dhaoine fásta faoi chomh maith agus a bhí mé fiú an t-am sin. Bhí sé ar nós go raibh an iománaíocht ionam. Trí bliana ó shin, chuir Club Iománaíochta Milwaukee tús le comórtas d'ógánaigh, rud a bhí thar cionn. Táim ag imirt ar an bhfoireann anois agus ag cleachtadh le go leor daoine eile. Ní féidir cluichí iománaíochta a fháil ar an teilifís anseo. Anois is arís, taispeánann tithe tábhairne Éireannacha na cluichí móra ar an teilifís, ach faraor táim ró-óg le dul isteach i dteach tábhairne.

Bainim an-spraoi as an iománaíocht. Bíonn tú i bhfad níos aclaí ag imirt iománaíochta ná mar a bheifeá ag imirt sacair. Is iontach an cluiche an iománaíocht. Má ritheann tú síos fad na páirce leis an sliotar ar do chamán, tabharfaidh gach duine faoi deara thú. Is breá liom a bheith ag imirt cluiche nach bhfuil ar eolas ag daoine eile (i Meiriceá).

Imrím ar fud na páirce, ach is breá liom a bheith ag imirt i lár páirce. Bhí se thar cionn ar fad a bheith ag imirt i lár páirce nuair a thug mé cuairt ar Dhroichead an Chláir in Aibreán 2007. Chuaigh mé chuig comórtas iománaíochta faoi 12. Chaith mé féin agus mo bhainisteoir píosa ag impí ar an mbainisteoir i gCo. an Chláir mé a ligean ag imirt. Sa deireadh chuir sé isteach i lár páirce mé sa dara leath.

Bhí sé iontach geansaí na foirne a chaitheamh agus imirt i lár páirce. Cheap mé gur cheart dom mé féin a chruthú mar gur Meiriceánach mé. Ach an nóiméad a fuair mé an sliotar, bhí sé ar nós cluiche in Milwaukee. Fuair mé ceithre phointe san ocht nóiméad sin. Fanfaidh an chuimhne sin liom go brách.

An rud is fearr liom faoi Éirinn ná go bhfuil suim ag go leor daoine san iománaíocht agus go n-imríonn siad an cluiche. Níl an saol mar sin i Meiriceá. Dá mbeadh iománaíocht sna scoileanna bheadh sé iontach.


Aisteach go leor, tá sé iontach a bheith in ann dul isteach sna tithe tábhairne in Éirinn le mo thuismitheoirí. Ní fheileann na tithe tábhairne i Meiriceá do ghasúir beag ná mór. Bíonn daoine ag caitheamh tobac agus ag ól iontu. Ach in Éirinn, d'fhéadfaí breathnú ar na cluichí ar an teilifís agus Club Orange a ól (rud nach bhfuil le fáil i Meiriceá), agus labhairt le daoine faoi Mheiriceá agus faoi Éirinn. Bhí an-chraic agam.

Tascanna:

1. Faigh Milwaukee agus Droichead an Chláir i d'atlas.
2. Cár as a dtáinig muintir Kennedy go Meiriceá?
3. Liostaigh roinnt difríochtaí idir scoil Kennedy agus do scoil féin.
4. Cad a thaitin le Kennedy faoi Éirinn?
5. Cén fáth a dtaitníonn iománaíocht le Kennedy?
6. Déan cur síos ar an turas a thug Kennedy ar Dhroichead an Chláir.



Bileog Oibre 5E: Obair Léarscáile



Mír 1

Bain úsáid as an léarscáil chun a fháil amach an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

1. Tá Parnell Square níos gaire do Pháirc an Chrócaigh ná do Mountjoy Square. Fíor Bréagach
2. Tá an Royal Canal in aice le Páirc an Chrócaigh. Fíor Bréagach
3. Is iad Jones Road agus St Joseph's Avenue na sráideanna atá taobh le Páirc an Chrócaigh. Fíor Bréagach

Mír 2

Sa léars cáil, cé mhéad droichead atá ar an Royal Canal (an Chanáil Ríoga)?

Scríobh ainm ceithre bhóthar a thrasnaíonn an chanáil.

Mír 3

Dá mbeifeá ag an spota marcáilte le X, cén chaoi a ndéanfa do bhealach chuig Páirc an Chrócaigh?

Marcáil an bealach le peann luaidhe ar an léars cáil ar dtús. Scríobh na treoracha thíos.

Mír 4

Tarraing léarscáil cosúil leis an gceann thuas agus léirigh na bóithre atá timpeall ar do scoil.

